



Foraoisí
don adhmaid



Foraoisí
don aeráid



Foraoisí *don*
dúlra



Foraoisí *do*
dhaoine

Foraoisí don Dúlra

LEABHRÁN EOLAIS

Clár Ábhar

- 1. Eolas ar Choillte
 - 1.1 Fís Straitéiseach Choillte
- 2. Maidir le Bithéagsúlacht
 - 2.1 Bithéagsúlacht in Eastát Choillte
 - 2.2 Bagairtí ar Bhithéagsúlacht
- 3. Uaillmhianta Straitéiseacha ‘Foraoisí don Dúlra’ Choillte
- 4. Tomhas & Monatóireacht ar Bhithéagsúlacht - Córas *BioClass* Choillte
- 5. Feabhsú & Athbhunú na Bithéagsúlachta - Clár *BioForest* Choillte
- 6. Tionscadail Athchóirithe Dúlra
 - 6.1 Cás-Staidéir Foraoise -
 - (i) Gleann Airt, Co. Chill Mhantáin
 - (ii) Athchóiriú Fhoraois Choill Eanaigh, Co. Shligigh
 - 6.2 Cás-Staidéar Tailte Arda - Nuamhaisiú Shléibhte Bhaile Átha Cliath
 - 6.3 Cás-Staidéar Taillte Portaigh - Portach Achadh Raithin, Co. na Gaillimhe
 - 6.4 Cás-Staidéar Uisce - Coill an Ghleanna Mhóir, Co. Chill Mhantáin
 - 6.5 Cás-Staidéar ar Speicis Neamhchoitianta - Crú-Ialtóg Bheag ag Ros an Chrú, Co. Chiarraí
- 7. Ag Déanamh Níos Mó don Dúlra
- 8. Fís don Todhchaí

1. Eolas ar Choillte

Tá Coillte, cuideachta foraoiseachta leathstáit na hÉireann, freagrach as bainistiú a dhéanamh ar 440,000 heicteár (ha) de thailte atá foraoisithe go príomha. Déanann Coillte cothromaíocht agus seachadadh ar na tairbhí iolracha a bhaineann le foraoisí don aeráid, don dúlra, don adhmaid agus do dhaoine. Déanann sé a fhoraoisí a bhainistiú go hinbhuanaithe agus i gcomhréir le ceanglais deimhniúcháin Chomhairle Maoirseachta Foraoise® (FSC®-C005714) ó 2001 agus an Clár um Fhormhuiniú Deimhniúcháin Foraoise (PEFC (PEFC / 17-23-042)) ó 2014. Bhí Coillte ar cheann de na chéad chuideachtaí foraoise a fuair deimhniú PEFC in Éirinn.

Is é Coillte an foraoiseoir agus an táirgeoir adhmaid deimhnithe is mó sa tír, acmhainn nádúrtha, in-athnuaite agus inbhuanaithe. Ina theannta sin, is é Coillte an soláthraí caitheamh aimsire lasmuigh is mó in Éirinn, agus feabhsaíonn agus athbhunaíonn sé bithéagsúlacht agus cuireann sé tionscadail athshlánúcháin dúlra i gcrích ar fud a eastáit. Éascaíonn sé giniúint fuinnimh in-athnuaite agus déanann sé táirgí adhmaid painéil-chláir a mhonarú freisin.

Fostaíonn Coillte breis agus 800 ball foirne agus os cionn 1,200 conraitheoir ar fud na tíre. An cuspóir atá ag Coillte ná na foraoisí stáit a bhainistiú ar son mhuintir na hÉireann. Is é a misean na buntáistí iomadúla a bhaineann lena fhoraoisí a sheachadadh don aeráid, don dúlra, don adhmaid agus do dhaoine agus is é a fhís todhchaí inbhuanaithe a chruthú do chách óna fhoraoisí.

Tá inbhuanaitheacht airgeadais Choillte mar bhonn agus taca faoi sheachadadh cothrom na buntáistí iomadúla a bhaineann le foraoiseacht.

1.1 Fís Straitéiseach Choillte

Ní raibh foraoisí riamh chomh tábhachtaí. Cabhraíonn siad le dul i ngleic leis an athrú aeráide, soláthraíonn siad táirgí adhmaid inbhuanaithe chun cabhrú le tithe a thógáil, soláthraíonn siad gnáthóga luachmhara don fhiadhúlra, agus cuireann siad áiteanna áineasa ar fáil do dhaoine le taitneamh a bhaint astu.

Sa bhliain 2022, leag Coillte amach fís straitéiseach dá eastát foraoise a bhfuil sé mar aidhm aige cothromaíocht a bhaint as na buntáistí iomadúla óna fhoraoisí agus iad a sheachadadh don tsochaí, ag tabhairt níos mó airde ar ghníomhú ar son na haeráide, ar bhithéagsúlacht agus ar áineas, agus ag an am céanna leanúint de bheith ag seachadadh don tionscal foraoise agus táirgí adhmaid.

Is í uaillmhian Choillte ná foraoisí nua a chruthú, na foraoisí atá ann cheana féin a bhainistiú chun níos mó carbóin a ghabháil agus breis gnáthóga a sholáthar chun an bhithéagsúlacht a fheabhsú. Tacóidh sé le cruthú tithe nua trí tháirgí adhmaid inbhuanaithe Éireannacha a sheachadadh, agus méadóidh sé líon na spásanna áineasa a mbeidh gach duine in ann taitneamh a bhaint astu.

Sainaithnítear na 11 uaillmhian seo a leanas inár bhfís straitéiseach:

 don aeráid	1	Cumasaigh 100,000ha de fhoraoisí nua faoi 2050
	2	Méadú 10m tonna ar stóras CO ₂ faoi 2050
	3	Athdhearadh 30,000ha de thalamh portaigh faoi 2050
	4	1 Gigeavata d'fhuinneamh in-athnuaite faoi 2030
 don dúlra	5	30% go príomha don Dúlra faoi 2025
	6	50% go príomha don Dúlra san fhadtéarma
 don adhmaid	7	25 milliún m ³ adhmaid faoi 2030
	8	80% de thithe fráma adhmaid faoi 2050
 do dhaoine	9	€100m i gceann scríbe do chuairteoirí faoi 2030
	10	Dúbailt na gceantar áineasa go 500
	11	1,200 post nua i bpobail thuaithe

Agus ár n-uailmhianta fíis straitéisí á bhforbairt againn, shainnaithin muid go seachadann foraoisí luachanna iomadúla a thacaíonn le naoi gcinn de Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe. Cuidíonn foraoisí le maolú ar an athrú aeráide agus le cosaint uisce agus ithreach. Cuireann siad tithe ar fáil don dúlra agus don fhiadhúlra, cuireann siad táirgí tógála inbhuanaithe ísealcharbóin ar fáil dúinn agus tá siad tábhachtach freisin dár sláinte agus dár bhfolláine, ag soláthar spásanna chun ceangal leis an dúlra. Tacaíonn siad lenár ngeilleagar tuaithe agus le poist chomh maith.

Déanaimid achoimre ar na luachanna agus na buntáistí foraoise seo i gceithre phríomhchuspóir: foraoisí don aeráid, foraoisí don dúlra, foraoisí don adhmaid agus foraoisí do dhaoine mar seo a leanas:



Foraoisí don adhmaid

comhlíonann sé an gá atá ann táirgí adhmaid inbhuanaithe Éireannacha a sholáthar chun ár dtithe a thógáil agus chun tacú le poist i bpobail thuaithe ar fud na tíre.



Foraoisí don aeráid

baineann sé leis an ról atá ag ár n-eastát foraoise i ndéanamh agus i stóráil carbóin agus a chumas atá ag táirgí adhmaid ionad ábhair atá dian ar charbón a chur orthu.



Foraoisí don dúlra

sainnaithníonn sé an bhitheagsúlacht atá ann cheana féin laistigh dár n-eastát foraoise agus féachann sé le luachanna éiceolaíocha na gceantar seo a chosaint, a fheabhsú agus a athbhunú.



Foraoisí do dhaoine

diríonn sé ar fheabhas a chur ar shochair áineasa, shóisialta agus folláine fhoraoisí Choillte do phobail ar fud na hÉireann.

Diríonn an leabhrán seo **Foraoisí don Dúlra** ar uailmhianta Choillte agus ar an obair a dheineann Coillte ar an dúlra agus ar an mbitheagsúlacht.

2. Maidir le Bithéagsúlacht

Tagraíonn bithéagsúlacht don éagsúlacht beatha ar domhan, lena n-áirítear plandaí, éin, mamaigh, feithidí, fungais agus miocróib, na háiteanna ina gcónaíonn siad, na pobail ina maireann siad agus an chaoi a n-idirghníomhaíonn rudaí beo lena dtimpeallacht. Is ionann an bhitheagsúlacht agus an bheatha agus tacaíonn sí le beatha ar Domhan.

Tá an dúlra ag dul i léig i ngach áit agus tá an t-athrú aeráide ag cruthú imeachtaí aimsire níos minice agus níos foircní, rud a bhfuil tionchar aige ar an domhan nádúrtha agus ar dhaoine freisin.

Mar fhreagra ar na géarchéimeanna seo, d'fhógair rialtas na hÉireann éigeandáil aeráide agus bithéagsúlachta in 2019. D'fhoilsigh siad an ceathrú Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht (NBAP) 2023-2030 agus é mar aidhm acu gníomhaíocht bithéagsúlachta in Éirinn ceann ina ndéantar bithéagsúlacht a 'luacháil, a chaomhnú, a athchóiriú agus a úsáid go hinbhuanaithe, ag cothabháil seirbhísí éiceachórais, ag cothabháil pláinéad sláintiúil agus ag seachadadh buntáistí atá riachtanach do gach duine'. Leagtar amach sa phlean, a bhfuil tacaíocht reachtach aige, roinnt cuspóirí agus gníomhartha don dúlra.

Tá Coillte ag cur leis na gníomhartha is gá chun dul i ngleic le dúshláin bithéagsúlachta agus aeráide na hÉireann.



2.1 Bithéagsúlacht in Eastát Choillte

Tá eastát Choillte comhdhéanta de raon éagsúil gnáthóg, idir fhoraoisí (foraoisí cónaiféaracha, measctha, leathanduilleacha agus dúchasacha) agus tailte portaigh agus ardtailte (portaigh bhrat agus ardaíthe, fraochmháigh fhliucha agus thirime), lochanna agus aibhneacha. Tá gach cuid d'eastát Choillte ar fáil mar ghnáthóg do phlandaí agus ainmhithe fiáine na hÉireann, agus dá bhrí sin tá luach éigin leis don bhitheagsúlacht.

Limistéir Bithéagsúlachta


Is é an cur chuige atá againn maidir le caomhnú an dúlra ná gníomhartha bainistíochta dúlra a dhíriú ar na suíomhanna is dóichí a thabharfaidh na buntáistí bithéagsúlachta is airde. Úsáidimid measúnuithe éiceolaíocha atá bunaithe ar an eolaíocht chun na suíomhanna seo a roghnú agus iad a mhapáil mar limistéir bithéagsúlachta. Déanaimid teagmháil rialta freisin leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (NPWS), saineolaithe ábhartha agus geallsealbhóirí eile i ndáil le bainistíocht na bithéagsúlachta ar an eastát.

Is iad limistéir bithéagsúlachta tailte Choillte atá ina ngnáthóga a bhfuil luach éiceolaíoch speisialta iontu cheana féin, nó a bhfuil an cumas acu a bheith ina ngnáthóga den sórt sin. Athraíonn na suíomhanna seo, atá mapáilte ag éiceolaithe, i méid ó 2ha go 1,000ha agus gach rud idir eatarthu. Sa lá atá inniu ann, tá 20% d'eastát Choillte á bhainistiú go príomha ar mhaithe leis an dúlra agus is é uailmhian Choillte é seo a mhéadú go 30% faoi dheireadh 2025.

Tá éagsúlacht mhór i limistéir bithéagsúlachta Choillte ó thaobh a luacha éiceolaíoch agus a gceanglais bhainistíochta de. Tá gnáthóga a bhfuil ardluach caomhnaithe dúlra iontu agus atá i riocht den scoth i roinnt limistéar bithéagsúlachta, agus léiríonn cinn eile acmhainneacht chun forbairt ina ngnáthóga níos luachmhaire le himeacht ama. Ina theannta sin, níl mórán bainistíochta ag teastáil ó roinnt limistéar bithéagsúlachta, nó níl aon bhainistiú ar chor a bith, agus tá bainistíocht ghníomhach ag teastáil ó limistéir eile chun iad a chosaint nó a fheabhsú. Tugaimid dúis áite do shuíomhanna le haghaidh bainistíochta tríd ár gclár bliantúil *BioForest*, bunaithe ar thosaíochtaí éiceolaíocha.

Taispeánann an léaráid seo a leanas na cineálacha éagsúla gnáthóg atá le fáil i Limistéir Bithéagsúlachta Choillte.

Na cineálacha éagsúla gnáthóg atá le fáil i Limistéir Bhithéagsúlachta Choillte:



Cineálacha Gnáthóg i Limistéir Bhithéagsúlachta Choillte:

Cineál Gnáthóige:	Cur Síos ar an nGnáthóg:
Foraois Dhúchasach	Foraoisí ina bhfuil speicis chrainn dhúchasacha (lena n-áirítear péine Albanach) ag clúdach 75% nó níos mó de cheannbhrat na foraoise
Foraois Leathanduilleach	Foraoisí ina bhfuil os cionn 80% de cheannbhrat na foraoise comhdhéanta de chrainn leathanduilleacha neamhdhúchasacha, go príomha feá agus seiceamar
Foraois Mheasctha	Foraoisí ina bhfuil os cionn 20% de cheannbhrat na foraoise comhdhéanta de chrainn bhuaircíneacha agus os cionn 20% comhdhéanta de chrainn leathanduilleacha
Foraois Chónaiféir	Foraoisí a bhfuil breis is 80% de cheannbhrat na foraoise comhdhéanta de chrainn bhuaircíneacha
Scrobarnach / Foraois Neamhaibí	Seasamh beag nó cúng crann ar féidir leo a bheith ina gcrann leathanduilleacha nó ina gcónaiféir
Portach	Bratphortach, portaigh ardaithe agus sruthlú
Fraochmhá	Fraochmhánna atá faoi cheannas toir bheaga, fraoch nó raitheach
Gnáthóga Oscailte Eile	Féaraigh, tailte fliucha, gnáthóga creagacha (lena n-áirítear pábháil aolchloiche) agus gnáthóga cósta (lena n-áirítear dumphcha)

Bainistiú an Dúlra ar fud an Eastáit: Níos Faide ná Limistéir Bhithéagsúlachta

Tá gach cuid d’eastát Choillte ar fáil mar ghnáthóg don dúlra agus don fhiadhúlra. Meastar gur speicis choillte iad thart ar 20% de speicis phlandaí na hÉireann, 28% d’éin phóirúcháin agus 50% d’inveirteabraigh sa chiall is leithne, rud a chiallaíonn go n-úsáideann siad gnáthóga foraoise chun bia agus foscadh a fháil, agus i gcásanna áirithe chun póirú.

Baineann go leor de na speicis fhiáine seo úsáid as foraoisí cónaireacha agus measctha, go háirithe i dtírdhreacha nach bhfuil foraoisí dúchasacha le fáil go forleathan iontu. Tá roinnt speiceas tar éis leas a bhaint as an méadú ar chlúdach foraoise in Éirinn le linn an 20ú haois mar shampla an cat péine agus an t-iora rua, agus tá speicis ar nós an chnagaire tar éis filleadh freisin.

Ciallaíonn sé seo go maireann réimse plandaí agus ainmhithe dúchasacha i bhforaoisí a bhainistítear go príomha le haghaidh táirgeadh adhmaid nó caitheamh aimsire, ní hamháin i limistéir a bhainistítear go príomha le haghaidh bithéagsúlachta. Ar fud eastát Choillte ar fad, lena n-áirítear na tailte lasmuigh de limistéir bhithéagsúlachta Choillte, ionchorpraítear bearta chun speicis a chaomhnú agus gnéithe tábhachtacha bithéagsúlachta a chosaint i raon leathan treoirlínte dea-chleachtais a chuirtear i bhfeidhm sna hoibríochtaí laethúla.

I measc samplaí de na bearta seo tá: adhmaid marbh a choinneáil, gnéithe a bhaineann le speicis neamhchoitianta agus faoi chosaint a chosaint, amhail broc (*Meles meles*) seatanna agus seangán coille (*Formica lugubris*) neadacha, agus uiscebhealaí agus maoláin riparian a chosaint. Déantar príomhoibríochtaí foraoiseachta Coillte amhail leagan agus athphlandáil crann, tógáil bóithre foraoise agus foraoisiú faoi cheadúnas ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (DAFM). Gné ríthábhachtach den phróiseas ceadúnaithe is ea measúnú mionsonraithe éiceolaíoch a dhéanann éiceolaithe gairmiúla chun a chinntiú go bhfuil na hoibríochtaí pleanáilte comhoiriúnach le gnáthóga agus speicis atá tábhachtach go háitiúil. Bíonn Coillte i dteagmháil go rialta leis an Seirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra(NPWS) agus le gníomhaireachtaí eile maidir le cosaint speiceas a chónaíonn inár bhforaoisí.





2.2 Bagairtí ar Bhithéagsúlacht

Tá roinnt bagairtí sonracha ann don bhithéagsúlacht in Éirinn a d'fhéadfadh drochthionchar a imirt ar cháilíocht gnáthóg agus ar na speicis a chónaíonn iontu.

Speicis Ionracha: Ceann de na príomhbhagairtí ar an mbithéagsúlacht in Éirinn ná scaipeadh speiceas ionrach mar is féidir leo speicis dhúchasacha a bhrú amach agus feidhm an éiceachórais a athrú. Is iad an dá phríomhspeiceas ionracha atá le fáil ar eastát Choillte ná an róslabhras agus an labhras silíní, ach tá cinn eile ann lena n-áirítear an lus an chnoic agus an ruabarb ollmhór, agus speicis ainmhithe ar nós an fhia agus an iora liath. Tá rialú speiceas ionrach ar siúl i go leor ceantar bithéagsúlachta ar fud an eastáit, faoi threoir pleananna arna bhforbairt ag éiceolaithe chun a chinntiú go bhfuil an cur chuige straitéiseach agus éifeachtach.

Ró-innilt: Is bagairt mhór do bhithéagsúlacht na hÉireann freisin ró-innilt foraoise agus gnáthóga oscailte ag ainmhithe atá ag bradáil amháil fianna. Gan aon chreachadóirí nádúrtha, is féidir le líon na bhfianna ardú i gceantair áitiúla go leibhéil neamh-inbhuanaithe. Cuireann méideanna móra fianna ag féarú cosc ar athghiniúint nádúrtha crann agus is féidir go mbeadh drochthionchar aige ar fhlóra na foraoise.

Athrú Aeráide: Is dócha go mbeidh brú mór ar ár bhforaoisí agus ar ár limistéir bhithéagsúlachta freisin mar gheall ar oiriúnú don athrú aeráide. De réir mar a mhéadaíonn teochtaí agus báisteach agus de réir mar a éiríonn stoirmeacha níos coitianta, beidh sé tábhachtach dúinn a chinntiú go mbeidh ár bhforaoisí agus ár ngnáthóga seasmhach i leith na n-athruithe seo.

Dúshlán a tháinig le hOidhreacht: Tá roinnt dúshlán a tháinig anuas le hoidhreacht ann chomh maith a eascraíonn as beartais náisiúnta foraoisithe roimhe seo. De réir mar a d'athraigh an eolaíocht agus ár dtuiscint, rinneadh na beartais seo a nuashonrú agus a athrú. Mar sin féin, i roinnt áiteanna, cuireadh foraoisí ar ghnáthóga a bhfuil luach éiceolaíoch leo. Mar chuid den mhapáil leanúnach ar limistéir bhithéagsúlachta, tá Coillte tar éis suíomhanna a shainaithint ina bhfuil tréithe éiceolaíocha na gnáthóige roimhe seo i láthair fós, agus cuirfidh an t-athchóiriú seo sochar dearfach ar fáil don dúlra. Cuireadh foraoisí oidhreachta eile sular cuireadh an raon treoirlínte agus cosaintí comhshaoil atá i bhfeidhm faoi láthair, agus tá bainistíocht chúramach ag teastáil anois ina leith.

3. Uaillmhianta Straitéiseacha ‘Foraoisí don Dúlra’ Choillte

Tá Coillte tiomanta do chothromaíocht agus seachadadh ar na tairbhí iolracha a bhaineann le foraoisí don aeráid, don dúlra, don adhmaid agus do dhaoine.

Faoi láthair, bainistimid 90,000ha den eastát go príomha ar mhaithe le bithéagsúlacht. Faoi straitéis ‘Foraoisí don Dúlra’, úsáidfimid ár gcláir *BioClass* agus *BioForest* chun 10% breise dár dtailte a thiomnú le bainistiú go príomha ar mhaithe le bithéagsúlacht faoi dheireadh 2025, rud a thabharfaidh an t-iomlán go breis is 134,000ha de fhoraoisí agus de thalamh.

Éilíonn sé cur chuige cothrom chun ilthairbhí a bhaint amach ó fhoraoisí. I bhforaoisí áirithe, e.g. foraoisí cónaiféaracha táirgiúla, is léir go leor gurb é táirgeadh adhmaid príomhchuspóir an tionscadail, ach i gcásanna eile, e.g. foraoisí dúchasacha, is oiriúnaí cuspóir caomhnaithe an dúlra agus na bithéagsúlachta. Mar sin féin, bíonn cinní bainistíochta ag teastáil i gcás foraoisí áirithe agus d'fhéadfadh go mbeadh gá le comhbhabhtálacha. Mar shampla, cuireadh na foraoisí i Sléibhte Bhaile Átha Cliath go príomha chun adhmaid a tháirgeadh, ach mar gheall ar líon méadaitheach cuairteoirí áineasa, glacadh cinneadh an príomhchuspóir a athrú ó fhoraoisí le haghaidh adhmaid go foraoisí do dhaoine. Agus an chothromaíocht cheart á baint amach d'eastát foraoise Choillte ina iomláine, tá sé tábhachtach spriocanna táirgthe adhmaid amach anseo a chosaint agus cuspóirí aeráide, nádúir agus daoine a bhaint amach ag an am céanna.

Uaillmhianta Foraoisí don Dúlra Choillte:

- An bhithéagsúlacht a fheabhsú agus a athchóiriú trí mhéadú a dhéanamh ar achar ár n-eastát a bhainistítear go príomha don dúlra ó 20% go 30% faoi dheireadh 2025.
- Déan limistéir dár bhforaoisí a chlaochlú ionas go ndéanfar 50% dár n-eastát a bhainistiú go príomha don dúlra san fhadtéarma.



Déanfar méadú ar achar eastát Choillte atá á bhainistiú go príomha don dúlra go 30% faoi dheireadh 2025 trí limistéir a bhfuil luach bithéagsúlachta iontu cheana féin ar ár n-eastát agus ar féidir iad a chosaint agus a fheabhsú a aithint. Aithníonn éiceolaithe na ceantair seo, agus ag obair i ndlúthchomhar le foraoiseoirí, forbraíonn siad pleananna bainistíochta chun luachanna foriomlána na bithéagsúlachta a fheabhsú.

San fhadtéarma, tá sé mar aidhm ag Coillte an limistéar dá eastát atá á bhainistiú go príomha don dúlra a mhéadú go 50% trí dhíriú ar fhoraoisí sonracha a d'fhéadfadh a bheith curtha ar dtús go príomha le haghaidh táirgeadh adhmaid ach atá níos oiriúnaí anois chun cuspóirí bainistíochta príomhúla eile a bhaint amach. Tugann na foraoisí oidhreachta seo deis athdhearaidh chun bithéagsúlacht a fheabhsú agus gnáthóga feabhsaithe nua a chruthú sa todhchaí.

Le comhlíonadh uaillmhianta Choillte, déanfar níos mó foraoisí a bhainistiú ar mhaithe leis an aeráid agus leis an dúlra ná riamh, líon níos mó foraoisí áineasa agus soláthar adhmaid agus táirgí adhmaid Éireannacha deimhnithe a fhástar go hinbhuanaithe á sheachadadh agus á gcosaint amach anseo, ag tacú le poist thuithe agus ag fás bithghilleagair Éireannach.

4. Tomhas & Monatóireacht ar Bhithéagsúlacht – Córas *BioClass* Choillte

Cad é BioClass?

D'fhorbair Coillte *BioClass* in 2015 mar nós imeachta eolaíochta-bhunaithe chun luach éiceolaíoch suíomhanna ar eastát Choillte a mheas agus na cinn is luachmhaire a aithint mar limistéir bhiathéagsúlachta. Roinneann an nós imeachta seo limistéir bhiathéagsúlachta i gceithre aicme, ó Bhiath-Aicme 1, na limistéir a bhfuil an luach éiceolaíoch is airde acu, go Bith-Aicme 4, limistéir a bhfuil luach measartha acu faoi láthair ach a léiríonn roinnt acmhainneachta chun forbairt ina ngnáthóga níos luachmhaire.

Go ginearálta, is iad na suíomhanna is cosúla le gnáthóga nádúrtha is mó a bhfuil an luach is airde acu ó thaobh bithéagsúlachta de. Bunaithe ar athbhreithniú ar tháscairí bithéagsúlachta a sainaithníodh i dtaighde náisiúnta ar bithéagsúlacht i bhforaoisí na hÉireann (Smith et al., 2008), d'oibríomar le héiceolaithe comhairleacha a bhfuil taithí acu chun “nádúrthacht” a shainiú i dtéarmaí sraith luachanna nádúrtha agus gnéithe bithéagsúlachta.

Is táscairí ar bhiathéagsúlacht iad luachanna nádúrtha, mar shampla, i bhforaoisí, áirítear ar na tréithe a bhfuil seans maith ann go mbeidh bhiathéagsúlacht níos airde bainteach leo struchtúr foraoise ilchisealach, stair fhada clúdach foraoise agus flúirse crann dúchasach.

Is micrighnáthóga iad gnéithe bithéagsúlachta a bhaineann leas as grúpa amháin nó níos mó speiceas, amhail crainn seanchaite, adhmad marbh mór trastomhais agus tailte fliucha beaga (tobair nó srutháin) nó lamanna creagacha sa fhóraois.

Úsáideann éiceolaithe Choillte an córas *BioClass* chun measúnú a dhéanamh ar láithreachtaí luachanna nádúrtha agus gnéithe bithéagsúlachta i bhforaoisí, i bportaigh agus i ngnáthóga oscailte eile, bunaithe ar shraith critéar sainithe. Is é an scór iomlán atá bunaithe ar na luachanna seo a chinneann rangú *BioClass* an tsuímh atá á mheas.

Is iad príomhbhuntaistí an chórais seo ná:

Tá sé bunaithe ar fhianaise agus ar thaighde náisiúnta	tugann sé aird ar shuíomhanna a bhfuil luach éiceolaíoch an-ard orthu	a chumas chun gach cineál foraoise (lena n-áirítear foraoisí dúchasacha, foraoisí measctha agus foraoisí cónaitheacha) a mheas ag baint úsáide as na critéir oibiachtúla céanna	is féidir é a chomhtháthú i gcórais fardail agus pleanála foraoise príomhshrutha Choillte.
--	---	---	--

Cuireann an cur chuige seo ar chumas Coillte tosaíocht a thabhairt do cheantair le haghaidh bainistíocht réamhghníomhach ar chaomhnú an dúlra, ag díriú acmhainní atá ar fáil ar shuíomhanna a thabharfaidh na buntáistí is airde don bhiothéagsúlacht trí chlár oibre feabhsúcháin bliantúil ar a dtugtar *BioForest*.

BioClass		An 'crann' BioClass
Foraóisí agus gnáthóga eile <i>de ...</i>		
1	Luach éiceolaíoch den scoth	
2	Ardluach éiceolaíoch	
3	Luach maith éiceolaíoch	
4	Luach éiceolaíoch measartha	

Gnéithe bithéagsúlachta agus luachanna nádúrtha:

Critéir Scórála do Ghnáthóga Foraoise

Gnéithe Bithéagsúlachta

Crainn seanfhondúireacha	Crainn an-mhóra, seanchrainn d'aon speiceas. Is féidir le crainn seanbhunaithe, go háirithe iad siúd a bhfuil go leor cúinní agus scoilteanna iontu, tacú le réimse leathan fiadhúlra.
Adhmad marbh	Gais/brainsí marbha ina seasamh nó tite
'Micrea-ghnáthóga' fliucha	Toibreacha nó srutháin laistigh den fhóraois a thacaíonn le fásra dúchasach fliuch
'Micrea-ghnáthóga' creagacha	Gleannta creagacha, aillte, barraí móra carraige nó bolláin mhóra
Spás oscailte	Gnáthóga oscailte, dea-shoilsithe laistigh den fhóraois

Luachanna Nádúrtha

Méid na foraoise	Tá luach éiceolaíoch níos fearr ag limistéir níos mó de chlúdach ceannbhrat buan
Aois sheastáin foraoise	Meánaois na gcrann ina seasamh
Gnáthóg in aice láimhe	Láithreacht gnáthóg a bhfuil luach éiceolaíoch leo amhail fraochmhá, talamh fliuch nó féarthailte nádúrtha in aice leis an bhforaois
Aeráid aigéanach	Lonnaithe i gcontaetha san iarthar
Crainn dhúchasacha sa cheannbhrat	Cion de cheannbhrat na foraoise atá comhdhéanta de chrainn dhúchasacha, amhail darach nó beith
Athghiniúint nádúrtha crainn agus toir dhúchasacha	Flúirse crainn óga agus síológa nádúrtha de chrainn agus toir dhúchasacha sa choill
Tearcacht gnáthóige	Láithreacht gnáthóige foraoise dúchasaí neamhchoitianta
Raon méide crann	Tá crainn de mhéideanna éagsúla i láthair, ó chrainn óga go crainn mhóra sean.
Struchtúr seastáin ingearach	Láithreacht flóra talún mhaith, ciseal toir, fo-cheannbhrat agus ceannbhrat
Flóra talún foraoise	Clúdach maith fásra talún, ina bhfuil plandaí foraoise tipiciúla
Saintréithe seancoillte	Feictear ar léarscáileanna stairiúla agus tá gnéithe i láthair ar nós seanstampáí móra agus crainn chosáilte

Critéir Scórála do Phortaigh

Doimhneacht mhóna	Móin >1.5m ar doimhne, de ghnáth ar thalamh cothrom nó le fána an-réidh
Topagrafaíocht dhromchla	Dromchla fliuch agus críthfhulangach, láithreach gnéithe amhail córais linnte, patrún tulaí/log agus réiseáin fhliucha, críthfhulangacha, fásracha
Fásra	Clúdach maith de phlandaí portaigh tipiciúla, go háirithe caonach Sphagnum
Ceangal le gnáthóga portaigh ainmnithe	Laistigh de, no ina aice le, bratphortach nó portach ardaithe atá ainmnithe mar LSC nó NHA
Nascacht hidreolaíoch	An t-aonad hidreolaíoch céanna leis an bportach ainmnithe in aice láimhe



Ag baint úsáide as *BioClass* chun achar tailte Choillte atá á mbainistiú go príomha don dúlra a mhéadú ó 20% go 30%.

Chun ár n-uailmhian a bhaint amach maidir leis an limistéar atá á bhainistiú go príomha don dúlra a mhéadú ó 20% (90,000ha) go 30% (134,000ha) faoi 2025, shainnaithin muid ar dtús suíomhanna a bhfuil an luach éiceolaíoch is airde acu agus roghnaíomar iad seo mar limistéir bithéagsúlachta nua. Tá foireann éiceolaíochta Choillte i gceannas ar shainaithint limistéar bithéagsúlachta nua.

Mar chéad chéim sa phróiseas seo, rinneadh an t-eastát a shainiú ina chúig théama leathana, chun a chinntiú go bhfuil ionadaíocht ar an raon iomlán cineálacha gnáthóige inár limistéir bithéagsúlachta nua. Rinneadh anailís ar raon foinsí sonraí spásúla a bhaineann le gach téama, chun measúnú a dhéanamh ar an acmhainn bithéagsúlachta ar fud an eastáit.

Chuir an cleachtadh anailíse sonraí seo le samhail a chothromaigh na buntáistí iomadúla a bhaineann le foraoisí trí chuspóirí aeráide, nádúir, adhmaid agus daoine. Chinn an tsamhail go bhféadfaí 10% breise den eastát (thart ar 44,000ha talún) a bhainistiú go príomha ar mhaithe leis an dúlra, rud a mhéadódh an limistéar atá á bhainistiú le haghaidh bithéagsúlachta ó 20% go 30% (thart ar 134,000ha san iomlán).

Sainaithin an tsamhail suíomh na limistéar bithéagsúlachta nua féideartha seo ar an eastát freisin. Déanann foireann éiceolaithe a bhfuil taithí acu measúnú ar na ceantair seo ar fad sa réimse ansin ag baint úsáide as córas *BioClass* Choillte agus déantar iad a rangú de réir a luachanna bithéagsúlachta.

Ina theannta sin, shainaithin an tsamhail limistéir oidhreachta dár n-eastát inar féidir linn, trí chlár athdhearaidh, gnáthóga nua a chruthú san fhadtéarma, athléimneacht na bhforaoisí a mhéadú agus stóráil carbóin a fheabhsú.

Téamaí Dúlra ar Eastát Choillte:

Foraoisí

>20% Clúdach Ceannbhrat lena n-áirítear foraois bhuaircíneach, foraois mheasctha, foraois leathanduilleach, agus foraois dhúchasach.



Ardchríocha

Talamh >150m os cionn leibhéal na farraige, ag réimsiú ó fhoraois phlandála bhuaircíneach go fraochmhá oscailte, agus bratphortach.



Portaigh

Talamh <150m os cionn leibhéal na farraige, ar ithreacha móna domhain agus folaíonn sé gnáthóga mar bhratphortach ísealchríche, portach ardaithe, portach réitithe, agus plandáil bhuaircíneach ar mhóin dhomhain.



Uisce

Dobharcheantair an-fógair, mar shampla dobharcheantair diúilicíní péarla fionnuisce agus uiscebhealaí ardstádaís.



Speicis Neamhchoitianta & Gnáthóga

Speicis neamhchoitianta (e.g. ialtóg bheag chrú capaill), Gnáthóga neamhchoitianta (e.g. pábháil aolchloiche).



Fócas ar Fhoroaisí



Is minic a bhíonn foraoisí a bhfuil stair fhada de chlúdach foraoise iontu níos saibhre ó thaobh speiceas de (os cionn na talún agus faoin talamh) ná foraoisí de bhunadh le déanaí, agus dá bhrí sin go bhféadfadh luach caomhnaithe nádúir níos airde a bheith acu.

Mar chéim i dtreo na foraoisí is fearr don dúlra a aithint, tá mapáil déanta ag Coillte ar shuíomhanna seancoillte ar a eastát. Is cosúil gur láithreáin foraoise iad seo ó na 1830idí i leith, nuair a ullmhaíodh na chéad léarscáileanna Suirbhéireachta Ordanáis. Is ionann seanláithreáin choillte agus thart ar 6% d'achar iomlán eastát Choillte.

Tá stair chlúdaigh foraoise níos faide fós ag roinnt suíomhanna seancoillte a shíneann siar go dtí lár na 1600idí, agus tugtar “suíomhanna foraoise ársa” orthu seo. Rinne an NPWS fardal pólótach de fhoraoisí ársa in Éirinn a tháirgeadh in 2011.

Tá suíomhanna seancoillte agus suíomhanna foraoise ársa an-athraitheach ó thaobh tréithe de inniu i dtéarmaí an chineáil chlúdaigh foraoise a thacaíonn siad leo agus a luach éiceolaíoch. Tá tionchar mór ag gníomhaíocht an duine orthu uile, ach tá a luach éiceolaíoch coinnithe ag cuid acu in ainneoin athruithe i gclúdach agus i gcineál foraoise, agus tá sé tábhachtach go n-aithnítear agus go mbainistítear na foraoisí seo ar mhaithe leis an dúlra laistigh dár limistéir bithéagsúlachta.

Cuireadh san áireamh mar limistéir bithéagsúlachta féideartha gach suíomh seancoilllearnach agus suíomh foraoise ársa ar eastát Choillte, nach bhfuil mapáilte mar limistéir bithéagsúlachta cheana féin, agus tá éiceolaithe ag déanamh measúnú orthu ag baint úsáide as an gcóras *BioClass*. Roghnaítear foraoisí mar limistéir bithéagsúlachta bunaithe ar a gcarachtar agus ar cháilíocht na luachanna nádúrtha atá i láthair, mar shampla flóra talún, struchtúr éagsúil seasaimh agus láithreach gnáthóga foraoise dúchasacha neamhchoitianta.

Fócas ar Thailte Arda



Tá cuid mhór d'eastát Choillte suite sna hardtailte agus is féidir go n-áireofaí ann réimse leathan gnáthóg amhail tailte portaigh (bratphortach ardtailte, fraochmhá fliuch agus tirim), féarthailte leathnádúrtha, scrobarnach agus foraois portaigh.

Tá roinnt éan neamhchoitianta agus atá faoi bhagairt le fáil sna hardtailte, lena n-áirítear an chromán cearc agus an meirliún, chomh maith le gnáthóga a bhfuil spéis chaomhnaithe iontu. Díríonn roghnú na limistéir bithéagsúlachta nua sna hardtailte ar ghnáthóga oscailte a leathnú i Limistéir Chaomhnaithe Speisialta (SACanna) ainmnithe agus ar dhálaí gnáthóige a fheabhsú do speicis faoi chosaint amhail cromán na gcearc agus an meirliún.

Fócas ar Thailte Portaigh



Níl eastát Choillte ar fad faoi fhoraois. I measc na ngnáthóg portaigh atá i láthair ar an eastát tá portach bratrchríche ísealchríche, portach ardaithe, fraochmhá fliuch agus tirim, chomh maith le foraoisí portaigh. Tá an chuid is mó den talamh portaigh oscailte laistigh d'eastát Choillte mapáilte agus cosanta cheana féin mar limistéir bithéagsúlachta.

Dírítear ar thailte móna foraoisithe a bhfuil luach éiceolaíoch agus acmhainneacht mhaith athchóirithe ag baint leo i roghnú na limistéir bithéagsúlachta nua. Mar shampla, áirítear leis seo suíomhanna atá modhnaithe go híseal agus atá in aice le suíomhanna atá ainmnithe mar SACanna nó Limistéir Oidhreacht Nádúrtha (NHA) do ghnáthóga portaigh. Tá tús áite ag na suíomhanna seo le cur san áireamh sna limistéir bithéagsúlachta nua.

Le blianta beaga anuas, tá roinnt tionscadal athchóirithe portaigh rathúla de chuid EU LIFE Nature curtha i gcrích ag Coillte freisin, ag athchóiriú gnáthóga tábhachtacha portaigh ardaithe agus bratphortaigh. Beidh sé mar aidhm ag bainistíocht na limistéir bithéagsúlachta portaigh atá sainaitheanta le déanaí leanúint leis an obair seo.

Fócas ar Uisce



Tá neart cúrsaí uisce agus lochanna ar fud eastát Choillte, ach tá roinnt maoine i gCoillte suite i ndobharcheantair a thacaíonn le speicis uisceacha an-íogaire amhail diúilicíní péarla fionnuisce. Agus limistéir bithéagsúlachta nua á sainaitheint, díreann ar limistéir a d'fhéadfaí a bhainistiú chun feabhas a chur ar cháilíocht uisce agus ar ghnáthóga uisceacha i ndobharcheantair íogaire.

Fócas ar Speicis agus Gnáthóga Neamhchoitianta



Chomh maith le gnáthóga a bhainistiú inár limistéir bithéagsúlachta chun a luach éiceolaíoch a fheabhsú, feabhsaímid gnáthóga freisin do speicis fhoraoiseacha a bhfuil tábhacht leo ó thaobh caomhnaithe an dúlra de i suíomhanna tábhachtacha. Sampla amháin is ea an ialtóg chrú-chapall bheag (féach an cás-staidéar ar leathanach 23).

5. Feabhsú & Athbhunú na Bithéagsúlachta - Clár *BioForest* Choillte



Gach bliain, roghnaíonn Coillte limistéir bithéagsúlachta le haghaidh bainistíocht réamhghníomhach ar chaomhnú an dúlra, ag díriú acmhainní atá ar fáil ar shuíomhanna a thabharfaidh na buntáistí is airde don bithéagsúlacht trí chlár feabhsúcháin bliantúil oibre ar a dtugtar *BioForest*.

I gcás limistéar bithéagsúlachta roghnaithe, forbraíonn agus cuireann éiceolaithe agus foraoiseoirí Choillte pleananna bainistíochta éiceolaíocha láithreán-shonracha i bhfeidhm. Cinntíonn na pleananna go ndéantar cuspóirí caomhnaithe an dúlra a bhreithniú agus a athbhreithniú i bhfianaise chleachtais fhoraoiseolaíochta agus dhálaí an tsuímh. Bunaithe ar a measúnú ar shaintréithe an tsuímh, sainaitníonn na héiceolaithe na spriocanna bainistíochta (lena n-áirítear an ghnáthóg sprice) don suíomh agus molann na foraoiseoirí sraith gníomhartha bainistíochta. Táirgeann an próiseas plean praiticiúil, ilbhliantúil a thabharfaidh an toradh is fearr don dúlra.

Tá sé rithábhachtach suíomhanna a roghnú go cúramach chun a chinntiú go ndéantar ár ngnáthóga agus na limistéir bithéagsúlachta is íogaire ó thaobh na héiceolaíochta de laistigh d'eastát Choillte a fheabhsú agus a athchóiriú. Tá dea-phleanáil rithábhachtach chun a chinntiú go bhfuil bainistíocht bithéagsúlachta éifeachtach, éifeachtúil agus go mbeidh tionchar dearfach fadtéarmach aici. Roghnaítear láithreáin le haghaidh bainistíocht bithéagsúlachta bunaithe ar a luach éiceolaíoch (Bio-Aicme) agus ar chineál na bainistíochta atá

ag teastáil (cineál, scála agus práinn), mar a shainaitnítear i bpleananna bithéagsúlachta. Cuirtear eolas ar fáil freisin do thosaíochtaí maidir le bainistíocht bithéagsúlachta trí thuairiscí monatóireachta agus trí ionchur ó fhoirne bainistíochta Choillte a bhíonn i dteagmháil go rialta le geallsealbhóirí agus le comhpháirtithe lena n-áirítear an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta, Iascaigh Intíre Éireann (IFI) agus baill den phobal nó grúpaí pobail.

Áirítear ar ghníomhartha bainistíochta don dúlra speicis ionracha a rialú, córais hidreolaíocha (portaigh) a athbhunú agus cleachtais bhainistíochta foraoise atá gar don dúlra a chur i bhfeidhm amhail Foraoiseacht Chlúdaigh Leanúnaí (CCF) chomh maith le tionscadail athchóirithe agus feabhsúcháin gnáthóige atá dírithe ar speicis agus monatóireacht gnáthóige.

Tá go leor foraoisí in Éirinn comhaoiseach le struchtúr seasaimh aonfhoirmeach, lena n-áirítear roinnt foraoisí leathanduilleacha agus dúchasacha. Tugann cur chuige atá gar don dúlra i leith bainistíocht foraoise deis chun struchtúr na foraoise a fheabhsú (trí an fhoraois a thanú go roghnach) rud a bhfuil buntáistí aige don dúlra agus don fhiadhúlra tríd an ngnáthóg a éagsúlú. Tugann an cur chuige seo, ar a dtugtar foraoiseacht chlúdaigh leanúnaí (CCF), deis freisin chun spriocanna bainistíochta bithéagsúlachta a bhaint amach amhail an fhoraois a aistriú de réir a chéile óna cineál foraoise reatha (e.g. foraois atá comhdhéanta den chuid is mó de chrainn feá den aois agus den mhéid chéanna) go foraois níos bithéagsúlachta (e.g. foraois mheasctha le crainn feá, darach agus péine Albanacha de mhéideanna éagsúla).

Cuirtear eolas ar fáil do ghníomhartha bainistíochta freisin trí laethanta oiliúna agus malartú eolais idir foraoiseoirí, éiceolaithe agus conraitheoirí chun saineolas a chothú i gcur i bhfeidhm teicnící praiticiúla bainistíochta bithéagsúlachta allamuigh. Cuidíonn laethanta eolais ar an láthair, arna reáchtáil ag foirne éiceolaíochta Coillte i dteannta le héiceolaithe comhairleacha agus foraoiseoirí chomh maith le conraitheoirí, le cur i bhfeidhm teicnící bainistíochta bithéagsúlachta a éascú agus cuireann siad chun cinn seachadadh na gcleachtas is fearr sa réimse.

6. Tionscadail Athchóirithe Dúlra Cás-Staidéir

